TRÍ BHILLIÚN CRANN BREISE ROIMH 2030

#3BillionTrees

FÁSAIMID LE CHÉILE

Tá plean ag an Aontas Eorpach chun **trí bhilliún crann breise a chur faoi 2030**. Baineann sé le hiarracht ghinearálta chun foraoisí AE a mhéadú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tionscnamh ar fud na hEorpa is ea Gealltanas na dTrí Bhilliún Crann.

Chomh maith le bheith go maith don aeráid, cuidíonn sé le sláinte **foraoise** a fheabhsú, neartaíonn sé **ceantair thuaithe**, agus cuireann sé le glasú **uirbeach**. Tá treochlár ag gabháil leis lena chinntiú go mbeidh éifeacht dhearfach ag gach iarracht chun crainn a chur ar an aeráid, ar an gcomhshaol, ar chathracha, agus ar shláinte agus ar fholláine shaoránaigh uile AE.

TAIRBHÍ DO CHÁCH

AN tATHRÚ AERÁIDE A THROID

D'fhéadfadh trí bhilliún crann, a chlúdódh **2 mhilliún** ha, suas le **4 mhilliún tona CO_2** a bhaint as an atmaisféar **faoi 2030**, agus oiread agus **15 mhilliún tona faoi 2050**.

SLÁINTE & FOLLÁINE

Déanann crainn an **t-aer a análaímid** a scagadh agus tá siad iontach dár bhfolláine: laghdaítear strus agus brú fola agus bímid níos sona nuair a chaithimid am ina measc.

AN DÚLRA & AN BHITHÉAGSÚLACHT

Is i bhforaoisí a fheictear **80 % de bhithéagsúlacht an domhain** ar tír. Soláthraíonn siad seirbhísí éiceachórais tábhachtacha freisin cosúil le rialú tuilte, áiseanna caitheamh aimsire agus uisce glan.

LE CHÉILE A OIBRÍMID!

Ní leor crainn nua a chur chun na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta a réiteach, agus ní rogha eile é ar na crainn atá ann cheana a chaomhnú. Ina áit sin, comhlánaíonn an cur seo iarrachtaí níos ginearálta in AE chun crainn agus foraoisí a chosaint agus a gcaighdeán agus a líon a fheabhsú, chomh maith lenár gcomhshaol a athshlánú agus an dúlra a chosaint.

Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, leagtar amach gealltanais agus spriocanna, a athdhearbhaítear i Straitéis Bhithéagsúlachta AE, chun an dúlra a chosaint agus a athshlánú. Ceann de na gealltanais sin is ea an gealltanas trí bhilliún crann breise ar a laghad a chur in AE faoi 2030.

Is gealltanas é freisin oibriú le chéile lenár spásanna glasa etc. agus cabhrú lena rátaí atáirgthe nádúrtha a mhéadú. Cé gur de ríthábhacht é líon na gcrann, tá tábhacht le caighdeán an chuir freisin.



Tá crann de dhíth orainn. Tá muidne riachtanach dóibhsean. Seo an todhchaí faoi do chúram!

Foghlaim tuilleadh **ANSEO**!

Tá sé mar aidhm leis an ngealltanas seo an ráta leathnaithe foraoise in AE a dhúbailt sa tréimhse 2005-2020, as a dtiocfaidh **trí bhilliún crann breise faoi 2030**.

CONAS IS FÉIDIR LEAT DO CHRAINN A CHUR SAN ÁIREAMH SA GHEALLTANAS?

Tá sé éasca – cuireann tú, ansin cláraíonn tú. Tá ardán tiomnaithe forbartha ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, ar a dtugtar **Map My Tree**, chun na crainn a chlárú agus a chomhaireamh. Le bheith incháilithe, ní mór do chrainn a bheith curtha tar éis an 20 Bealtaine 2020, nuair a glacadh Straitéis Bhithéagsúlachta AE. Caithfidh gur crainn bhreise iad, agus ní cuid de na crainn a chuirtear de ghnáth, agus caithfidh siad a bheith tairbhiúil don bhithéagsúlacht agus don aeráid. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cosc ar speicis choimhthíocha ionracha. Ach is féidir leat aon chrann dúchasach a chur, a bheag nó a mhór, ach amháin mura n-oireann sé do na dálaí réamh-mheasta aeráide, ithreach agus uisce.

CÉ A SHEICEÁLANN GO gCUIRTEAR NA CRAINN CHEARTA, AGUS GO MAIREANN SIAD?

Tá scéim fhadtéarmach pleanála agus monatóireachta bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach, lena chinntiú go bhfásfaidh crainn a chuirtear le himeacht ama agus go mbláthóidh siad in aeráid atá ag athrú. Mar éascaitheoir an ghealltanais, ní sheiceálann an Coimisiún gach crann a chuirtear, ach déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn ginearálta. Soláthraíonn sé tacaíocht pholaitiúil agus theicniúil freisin, agus uirlisí cumarsáide agus lipéadaithe.

CUR AR ARDCHAIGHDEÁN

Tá cur fónta éiceolaíoch ríthábhachtach chun ár sprioc a bhaint amach, agus clúdaíonn sé **ceithre phríomhchritéar**:

- An **crann** ceart
- An **áit** cheart
- An **t-am** ceart agus
- An **cuspóir** ceart

CÉ A CHUIRFIDH NA CRAINN SEO?

Is féidir le duine ar bith crann a chur. Chun an sprioc uaillmhianach seo a bhaint amach, tá saoránaigh Eorpacha spreagtha de dhíth orainn chun crainn a chur agus chun a chinntiú go bhfásfaidh siad le himeacht ama. Braithfidh cé acu a bheidh rath ar an ngealltanas nó nach mbeidh ar thionscnaimh ón bpobal — ba mhaith linn go mbeadh daoine aonair, úinéirí talún, cumainn, cuideachtaí, agus comhlachtaí poiblí ar nós sráidbhailte, cathracha agus réigiún páirteach ann.

CONAS IS FÉIDIR LIOM NA CRAINN A CHUIR MÉ A CHLÁRÚ?

Féadfaidh tú dul ar aip ghréasáin Map My Tree chun na crainn a chuir tú a thuairisciú mar chuid den ghealltanas. Más eagraíocht thú ag a bhfuil baint le crainn nua a chur, féadfaidh tú scríobh chuig ENV-3BILLIONTREES@ec.europa.eu freisin chun crainn atá curtha agat cheana féin a thuairisciú. Is féidir le daoine aonair rannchuidiú leis an ngealltanas freisin trí thacú le heagraíochtaí rannpháirteacha.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

© Aontas Eorpach, 2022
Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC-BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.
Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

PDF ISBN 978-92-76-52015-3 doi:10.2779/338918 KH-06-22-191-GA-N